Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10638 – ALD / LEASEPLAN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 393/08)

1. An 5 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ALD S.A. ("ALD", an Fhrainc),

— LP Group B.V. ("LeasePlan", an Ísiltír).

Gheobhaidh ALD rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Lease Plan ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— ALD: réitigh shoghluaisteachta, go príomha léasú feithiclí agus seirbhísí bainistíochta gaolmhara. Tá ALD faoi rialú Société Générale S.A. (an Fhrainc), sin grúpa seirbhísí baincéireachta agus airgeadais a bhfuil a cheanncheathrú i bPáras,

— LeasePlan: bainistíocht flít agus cuideachta soghluaisteachta tiománaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10638 – ALD / LEASEPLAN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").